AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**T/SNA_01/2012**

**NÓTA FAISNÉISE**

***RIACHTANAS CHUN CLÁRÚ LEIS AN gCOMHAIRLE MÚINTEOIREACHTA FAOI MHÍR 30 D'ACHT NA COMHAIRLE MÚINTEOIREACHTA, 2001***

1 Déanann Mir 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001 foráil don riachtanas go bhfuil sé de dhualgas ar mhúinteoirí atá fostaithe i scoileanna aitheanta bheith cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta chun a bheith i dteideal íocaíochta as ciste an Oireachtais.

2 Rinneadh an Bille (Leasaithe) Oideachais a cheadú cheana féin ag Seanad Éireann agus rinneadh an Coiste-Chéim é a shlánú i nDáil Éireann. De thoradh an Bhille, beidh cead ag an Aire Oideachais agus Scileanna foráil do riachtanais ghearr-théarma, práinneacha, gan choinne, scoileanna, chun daoine neamhchláraithe a fhostú in ionad múinteoirí cláraithe i gcásanna fiortheoranta. Taobh amuigh de na cásanna sin, áfach, cuirfear cosc de réir dlí ar an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar Choistí Gairmoideachais duine ar bith, fostaithe mar mhúinteoir, a íoc muna mbeadh an duine sin cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta.

3 Agus é a bheith achtaithe, tabharfaidh an Bille cead don Aire mír 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta a thosú. Tá sé in aigne an Aire mír 30 a thosú le linn na scoilbhliana 2012/2013. Tráth a bheith tosaithe, beidh sé ina fíor-riachtanas dlíthiúil.

4 Taobh amuigh de na cásanna teoranta, a luadh thuas, agus tráth mír 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta a bheith tosaithe, duine fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta gan a bheith cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta, ní féidir a leithéid de dhuine a íoc ag an Roinn nó ag an CGO as maoin phoiblí.

5 Muna bhfuil tú cláraithe faoi láthair leis an gComhairle Múinteoireachta agus go bhfuil tú fostaithe i mbunscoil nó i scoil dara leibhéal in acmhainn buan, *CID, RPT*, téarma seasta, páirtaimseartha neamhrialta nó mar ionadaí, **<u>ba chóir duit iarratas a dhéanamh um a luaithe ar an gComhairle le haghaidh cláraithe.</u>**

6 Chuir an Chomhairle Múinteoireachta in iúl don Roinn go mba chóir iarratais chomhlánaithe ar chlárú a chur i láthair **um a luaithe agus de rogha roimh 31 Bealtaine 2012**. Deimhneoidh a leithéid go ndéanfar na hiarratais a phróiseáil (iniúchadh na nGardaí san áireamh) roimh thosú na scoilbhliana 2012/2013.

7 Is é atá i gceist i bpróiseas an iarratais ná an fhoirm iarratais a chur i láthair mar aon le cóip de athsríbhinní deimhnithe, aithne chruthaithe, cruthú an phearsa mar aon le cáipéisiú mar fhianaiste eile gan dearmad ar an táille iarratais.

8 Beidh feidhmiú ag an gclárú ar feadh 12 mí ó lá an chláraithe. Muna ndéantar an clárú a athfheidhmiú i dtráth, déanfaidh an Chomhairle an múinteoir a chealú ón gclár agus cuirfear deireadh le íocaíocht.an mhúinteora ó dháta deireanach an chláraithe. Má tharla gur ligeadh an chlárú dul i léig, is féidir leis an múinteoir athiarratas a dhéanamh ar chlárú tríd an iarratas iomlán a chomhlánú am ar bith gan dearmad a dhéanamh ar iniúchadh na nGardaí agus ar athsríbhinní deimhnithe, mar aon le cáipéisiú eile mar thacaíocht. Sa chás gur rinneadh athscríbhinní a chur i láthair cheana féin don Chomhairle, ní iarrfar ar mhúinteoirí a leithéid a chur i láthair arís..

9 Ina theannta sin, ba chóir a shonrú nach féidir clárú a fheidhmiú go hiomlán gan iniúchadh na nGardaí a bheith comhlánaithe. D'fhéadfadh sé fad aimsire suas le tri mhí a bheith i gceist chun iniúchadh na nGardaí a chomhlánú i dtréimhsi ard-éilithe.

10 Is iad seo thíos na creathlacha reatha íosluacha ama chun próiseas na n-iarratas a chomhlánú: Iniúchadh na nGardaí (an próiseáil déanta ag Lár-Aonad Iniúctha na nGardaí), 4-6 seachtaine, iarratas ar Chlárú (Iniúchadh na nGardaí san áireamh), 8-10 seachtaine, iarratais ar Chlárú sa chás gur gá cáilíochtaí a mheas (Iniúchadh na nGardaí san áireamh), 10-12 seachtaine.

11 Is féidir teacht ar Chomhairle na Múinteoireachta maidir leis an gclárú ag:

www.teachingcouncil.ie

primaryregistration@teachingcouncil.ie

postprimaryregistration@teachingcouncil.ie

Dalton Tattan
Priomh-Oifigeach
Múinteoirí, Cuntóiri um Riachtanais Speisialta
Téarmaí agus Coinníollacha

Padraig Maloney
Príomh-Oifigeach
Párolla

Aibreán 2012